11 SEÁN NA nGABHAR

Bhí anso fadó, agus is fadó a bhí, bhí seana-bhean agus garsún aici, agus is é an t-ainim a thugadh na córsain air Seán na nGabhar, mar bhíodh sé a' dul gàch uile lá lé doran gabhar a bhí aige go dtéadh sae go dí an gcoill.

Ag imeacht do a' dul chuig na coille an mhaidin seo, do ránga leis gom éigean do a bhricfeast a chuir i gcóir. Chua sé amach go dí an dtobar fae dhéint tin-can uisce go mbeireódh sé stirabout leis; agus do bhí a' snámh ar uachtar a' tobair bricín deas. Bhí sé ag éaló leis a' tin-can ar a' mbricín nú gur chuir sé thíos fén mbreac é, agus thóg sé aníos é.

Dhúisi a' breac. "Lig uait mé," adúirt a' breac, "mar ní fiú dhuit a dhul a' plé liom!"

"Díreach ná déanfad," adúirt Seán, "mar bainfi me bricfeast math asat!"

Very well. Mar sin a bhí. Bhí Seán a' tabhairt a' bhric leis. "A, lig uait me," adúirt a' breac, "agus níl aon achanaí a d'iarrfa tu oram go brách aríst ná tabhairfi me dhuit ach go n-iarrfa tu ar Dhia agus ar bhrí do bhric!"

"Táim sásta," adúirt Seán. "Bíodh do bhóthar agat!" Seán a bhóthar féin.

Scaoil sé uaig a' breac, agus d'imig

Ar imeàcht do Sheán i n-a bhóthar féin, do d'imi sé lé n-a chuid gabhar ar maidin t'réis a bhricfeast, agus bhí sé a' góil ther teh muair, agus do ránga go raibh lady óg a' féachaint amach tríd a' bhfinniúig le linn Seán a ghóil a' bóthar ther a' dteh muair. Is é a' nós a rai' sé ar marcaíocht ar a' bpocaide agus a agha úntaithe siar ar a thóin. By dad, má bhí sin mar sin, nuair a choinnic an óigbhean an plean a bhí ag Seán, do dhin sí scairt gáire, agus d'fhéach Seán suas ar a' bhfinniúig chuici.

"Iarraim-se ar Dhia," adúirt Seán, " agus ar bhrí mo bhric gu'b shin é an gáire a dhéanfa trom tusa!"

Mar sin a bhí. D'imi Seán leis, agus chua sé i bhfeighil a ghrótha le n-a chuid gabhar nú go dtainic a' tráthnón' air; agus mar sin a bhí gach lá nú go raibh trí rátha caite.

Ar mh'anam, nuair a bhí na trí rátha le linn a bheith caite, gur thárla go raibh [an cailín óg] torthach, agus d'aithin a hathair go rai' sí amhla; agus níorbh fhéidir léithi féin aon chúntas a thabhairt ann.

Mar sin a bhí. Bhí sean-draoi i dteh an duin' uasail, agus chuir sí ceist air, go rai' sí amhla agus nárbh fhios cé a' nós a

" dtaini sé. 'Anois," adúirt (a' sean-draoi), "tá sé chó math dhuit ligint ar n-agha nú go dtagaig an leanabh ar a' saol, agus nuair a thiocfaig an leanabh ar a' saol be sé i n-éifeacht. Cuir goirim-scoil' amach, agus tabhair fearaibh óga na tíre thímpeall a' tí chút féin, agus cuir an leanabh amach i lár an reighleáin, cuir úll i n-a láimh, agus cuir tríothub i ngach uil' áit anúnn a's anall é. Nuair a bhe sé a' góil tríothub anúnn 's anall, nuair a casfar athair a' linibh leis a' bpáiste sínfi sé an t-úll a bheig i n-a láimh chuige. Guibh é sin, agus sin é athair a' pháiste."

Cistithe ag
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Bhí mar sin nú go dtainic a' lá a raibh a' goirim-scoil' amuh, agus go dtainic a' leanabh ar a' saol.

Chruinnig fearaibh óga na tíre. Bhíodar ar fad a' góil trí n-a chéile, agus má bhíodar féin, bhí cuid acu a' teacht an bóthar i gcoinne Sheáin, agus é a' dul i bhfeighil a ghrótha le n-a chuid gabhar. Níor chuíni Seán riamh go raibh a lithéid amhla nú go rai' sé a' góil i n-a gcoinne. Casag roinnt buachaillí leis ar a' mbóthar. "Siúil leat, a Sheáin, go dí an gcóthalán!" adúirt na buachaillí leis.

"Cé an áit a bhfuil a' cóthalán?" adúirt Seán.

"Tá sé i n-a lithéide seo dh'áit."

"Cé an áit é sin?"

"Thíos ag an dteh muair seo thíos," adúirt duin' 'osna buachaillí le Seán, "agus tá óigbhean amuh agus leanabh i n-a gabhál aici, agus má chuireann sí (sic) an t-úll in do láimh, is tu athair a' linibh!"

"Caithim a dhul leis na gabhair," adúirt Seán, " ach má chaithim nuair a d'fhágfa me na gabhair thoir leanfa me sib."

Bhí go math mar sin. Do chua Seán, agus d'fhág sé na gabhair i n-Uch Dara, agus nuair a d'fhág sé na gabhair i n-Uch Dara do chais sé ar a sháil agus thaini sé ther n-ais.

Nuair a thaini sé bhí an cóthalán ró-mhuar, agus níorbh fhéidir leis ghóil isteach insan áit a raibh a' cailín óg ná an leanabh. Bhí sé ar súil riamh riamh nú go ndeagha sé gairid isteach san áit a rabhadar. Bhí na fearaibh ró-árd, agus bhí Seán beag. Shá sé a cheann 'der dhá chois fir isteach, agus d'fhéach sé suas, agus lé línn a' leanabh (a ghóil) theiris, shín sé an t-úll i n-a láimh, agus láithreach lom gabhag Seán bocht!

Bhí go math. Gabhag iad araon ansin-(é féin agus a' cailín óg), agus ansin chuaig athair a' chailín óig go dí an sean-draoi aríst. « Cud éard athá lé déan' anois againn leis ?" adúirt sé.

Dúirt a' sean-draoi:

"Nuair ná fuil ann ach sin," adúirt sé, " dinigí córha math láidir dúlánta, agus cuirigí dhá t[h]aobh ann, agus clár trí n-a lár, cuirigí duin' acu isteach ar ghach taobh ann, agus caithigí [an córha] amach lé muir agus lé mór-fharraige!"

Mar sin a bhí. Do dineag mar adúirt a' sean-draoi. Nuair a bhí an córha déanta, cuireag an cailín óg [agus an leanabh] isteach i dtaobh de, agus cuireag Seán isteach sa taobh eile dhe. Caitheag amach lé muir agus lé mór-fharraig' iad. Bhíodar a' góil soir siar, síos suas, ar fhaid na farraige i ngach uile shórt áit nú go dtánadar isteach i n-oileán mar a thiocfaidíst isteach thiar i n-Oileán Caorach. Nuair a thánadar isteach insan oileán thiar mar a thiocfaidíst i n-Oileán Caorach, do bhí aon fhear amháin insan oileán a bhí a' tabhairt aire dho, agus d'eighri sé ar maidin, agus d'fhéach sé síos insa trá. Céard d'fheicfeadh sé thíos ach an córha. Chua sé síos, agus shá sé aníos an córha có math agus d'fhéad sé é. Bhí an t-an-mheáchaint insa

chórha mar bhí an bheirt istig ann agus a' triúr, dá n-abaraínn é. Le n-a línn sin, ní dheagha sé i bhfad suas nuair a bhain sé an cover don chórha, agus is é an taobh don chórha ar bhain sé an cover de an taobh a raibh a' cailín óg agus a' leanabh ann. Thainic an-áibhéis air mar ní raibh éinn' aige ach é féin, agus choinnic sé go raibh bean aige agus páiste. Bhí sé dhá [d]tabhairt leis.

"Ascail a' taobh eile dhe," adúirt a' bhean óg. "Tá garsún istig ann, agus b'fhéidir go ndéanfadh sé an-acara dhúinn lá eicínt."

"By dad, tá sin go math!" adúirt sé.

Chais sé ar a' gcórha aríst agus d'oscail sé an taobh eile, agus thug sé amach Seán. Thug sé leis abhaile chuige n-a thí féin iad, agus chathadar a' lá mar sin nú go dtáinic an oíhe. Well, do bhí sé a' cuir i gcóir, agus do bhí Seán i n-a shuí i n-éindí le n-a bhean agus leis a' leanabh.

"Cé an sórt nús a mbemuid anocht?" adúirt Seán.

"Ó, ar mh'anam," adúirt fear an oileáin, "gur liomsa an bhean anocht!"

"Well, tá me sásta," adúirt Seán, "ach dineamuid maraga measara!"

" Cad é an maraga a dhéanfamuid anois ? " adúirt fear an oileáin. "Má chollaíonn tu na trí oíhe (léithi) bíodh sí agat," adúirt sé, agus mara gcollaíonn is liom-sa í!"

"Táim ró-shásta leis sin," adúirt fear an oileáin, mar do bhí sé ró-shiúrálta dhi.

Bhí mar sin nú go raibh fear an oileáin a' dul a choll' insan oíhe, é féin agus an óigbhean; agus do bhí sop déanta dho Sheán sa chúinne. By gor, nuair a bhí, do ránga leis a' ndoras gur dhin sé slap. Níor chuínig fear a' tí an bolt' a chuir air, agus bhí an ghaoch a' teacht isteach ann. Chua sé suas go dí an ndoras go gcuireadh sae an bolt' air, agus choinnic Seán a' góil suas é.

"Iarraim-se ar Dhia agus ar bhrí mo bhric," adúirt Seán, "a' cuir a' bholt' ar a' ndoras go maidin go raibh tusa!"

Mar sin a bhí. Bhí fear a' tí agus a' bolt' a' rattleáil lé chéile go maidin, agus níorbh fhéidir leis a' bolt' a chuir suas.

Mar sin a bhí. Nuair a chuaig fear a' tí agus a' bolt' insa mbattle le chéile chuaig Seán go dí n-a bhean féin. D'fhan mar sin. araeir agam-sa!" adúirt Seán.

"Well, bhí an oíh'

"Bhí," adúirt sé, "ach ní bheig an oíh' anocht! "

"Táim sásta," adúirt Seán, "mara mbeig."

D'fhan mar sin go dtainic a' tárna hoíhe, agus nuair a tháinic a' tárna hoíhe dhearabhaig fear a' tí ná cuirfeadh rud insa domhan amach tao' amuh do dhoras é. Níorbh fhada dho nú go dtainic sin ar bun. Istoíhe larnamháireach aríst nuair a bhí sé a' braith ar dhul chuig suain, do rángaig go raibh doran géí amuh ag fear a' tí,

agus thainic a' mada rua tríothub, agus chuir sé anúnn a's anall ar fhuaid na sráid' iad. Bhí mar sin nú gur airig fear a' tí iad. Chua sé amach.

"Ní bhe me i bhfad a' cuir na ngéí isteach," adúirt sé," agus ní bhe siad imith' ar maidin uaim."

Chua sé amach, agus cheap sé na géí a chuir isteach. Choinnic Seán ag imeacht é.

" Iarraim-se ar Dhia agus ar bhrí mo bhric a' cuir isteach na ngéí go maidin go rai' tusa."

Mar sin a bhí. Bhí fear a' tí a' cuir isteach na ngéí go maidin, agus ní rabhadar istig ar maidin aige. B'éigean do eighrí astu. Bhí Seán an oíhe sin insan áit a mba cheart do bheith.

Bhí go math go dtainic a' tríú hoíhe, agus an tríú hoíhe nuair a bhí sé a' dul chuig collata, by gor, níor ránga [le fear a' tí] é féin a ghlana ceart. Chua sé dtao' amach 'o dhoras, agus ní hi bhfad amach a chua agus chrom sé ar bheith a' déan' uisce-"i gcead díb ar fad!"

Má bhí choíhint, do choinnic Seán é.

" Iarraim-se ar Dhia," adúirt Seán, "agus ar bhrí mo bhric, a' fual go maidin go rai' tusa!"

" 'Cé rai' tu i gcathamh na hoíh' araeir?" adúirt Seán. 'Ŏ, pé ar domhan áit a raibh tá an bhean agat-sa " adúirt fear a' tí.

"Tá," adúirt Seán.

"Cad a dhéanfamuid anois le chéile?" adúirt fear a' tí. " Cuir mis' isteach insan áit a rai' me heana, me héin agus mo bhean, agus nuair a chuirfir scaoil amach lé muir agus lé mórfharraige [an córha].

Mar sin a bhí. Do dhin sé é sin, agus chuir sé isteach insa trúnc iad. Scaoil sé amach iad, agus ní rai' Seán i bhfad amach i n-ao'chor nuair a chuíni sé air féin.

<< Iarraim-se ar Dhia agus ar bhrí mo bhric," adúirt Seán, "ag baile teh m'athar agus mo mháthar go rai' me héin i gceann beagán aimsire!"

Ní raibh a' focal as a bhéal nuair a bhí Seán ag baile ag teh a mháthar, é féin agus [a' cailín agus a' leanabh].